# Foirm Iarratais do Cheadúnas le Taispeáintí Piriteicniúla a Allmhairiú

Nóta: Ní mór an fhoirm a chur chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (Chuig Rannán Coireanna 4, 94 Faichne Stiabhna, Baile Átha Cliath 2), mí amháin roimh dháta beartaithe an taispeántais.)

| Tag airt: | Sonraí a Theastaíonn | | | Nótaí: |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Iarrthóir na hiompórtála | Ainm: | | Sonraigh ainm na cuideachta agus an duine |
| | | Seoladh | | |
| | | Fón: | | |
| | | Facs: | | |
| | | R-phost: | | |
| 2 | Príomh-Oibreoir an Taispeántais | Ainm:<br>Cuideachta: | | Más eile ó thuas Nóta: Ní leor ainm na cuideachta amháin. |
| | | Seoladh | | |
| | | Fón: | | |
| | | Facs: | | |
| | | R-phost: | | |
| 3 | Eagraí an Taispeántais | Ainm: | | Más eile ó thuas |
| | | Seoladh | | |
| | | Fón: | | |
| | | Facs: | | |
| | | R-phost: | | |
| 4 | Oifigeach Sábháilteachta don taispeántas | Ainm: | | Más eile ó thuas |
| | | Seoladh | | |
| | | Fón: | | |
| | | Facs: | | |
| | | R-phost: | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5 | Sonraí an Taispeántais | Dáta/am an Taispeántais | | |
| | | Ionad: | | |
| | | Cúis an Taispeántais Sonraigh) | | m.sh. Bainis, poiblí/ príobháideach Ócáid spóirt srl |
| | | Stádas na hÓcáide | | Ar thug an t-údarás áitiúil ceadúnas don ócáid? |
| | | Cineál Taispeántais | | Leibhéal Ard, Leibhéal Íseal, Ar Talamh nó Laistigh/ Amharclannach |
| | | Catagóir an Roicéid Mhionsamhla | | Cumhacht Ard/Íseal de réir NFPA 1122 |
| | | Catagóir na dtinte ealaíne: (1,2,3 nó 4) | | De réir Caighdeánach Briotánach BS 7114 |
| | | Cainníocht na dTáirgí Piriteicniúla | | Úsáid an sceideal ceangailte le sonraí teicniúla iomlána a thabhairt |
| | | Ollmheáchan iomlán (kg) | | |
| | | Glanmheáchan (kg) Pléascáin (NEC) | | |
| 6 | Sonraí na Coinsíneachta | Áit óna bhFágann | | Sonraigh an tír |
| | | Áit an Allmhairithe: | | Sonraigh an tír |
| | | Coinsíneoir: | | |
| | | Dáta /am measta an allmhairithe: | | |
| | | Cóir iompair | | (Bóthar, farraige srl) |
| 7 | Iompar ar bhóthar | Cineál feithicle | | |
| | | An bhfuil díolúintí ualaigh ADR (alt 1.1.3.6) i gceist? | | Tá/Níl |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 8 | Stóráil | Láthair | | Do stóráil thar oíche |
| | | Ceadúnaí nó Sealbhóir | | I bhfoirgnimh an údaráis áitiúil nó ó fhoirgneamh údaraithe |
| | | An bhfuil eolas ag an údarás áitiúil agus an Garda Síochána faoi? | | Tá/Níl/N/B______ |

| 9 | **Teastas ar Ábhar Piriteicniúil** | |
|---|---|---|
| (a) | Deimhním go bhfuil na hábhair phiriteicniúla ar fad atá le húsáid ar an liosta sa Sceideal ceangailte. | |
| (b) | Deimhním go bhfuil na tinte ealaíne sceidealaithe ar fad de dhéantús UK Catagóir 1-3 de réir BS 7114, 1998 Cuid 1-3. | |
| (c) | Deimhním go bhfuil na tinte ealaíne sceidealaithe eile ar fad ( seachas i 9b thuas) de réir na riachtanas slándála HS (G) 114 – Coinníollacha um Údarú Pleascán sa Bhreatain | |
| (d) | Deimhním go bhfuil an Doiciméad reatha um Údarás Inniúil Náisiúnta (CAD) nó Liostú LOCEF (nó deimhniú coibhéiseach) do gach ábhar piriteicniúil ar an sceideal ceangailte. | Féach Nótaí faoi Sceideal |
| (e) | Deimhním nach mbeidh na hábhair phiriteicniúla don taispeántas seo i stóras thar oíche sa stát seo seachas in armlann a bhfuil ceadúnas aici, stóras nó foirgneamh cláraithe de réir Acht na bPléascán nó trí shocrú roimh ré le GIE. | |
| | **Dearbhú** | |
| 10 | **Deimhním/ Deimhnímid:**<br>**1 Gur léigh muid agus go bhfuil muid ar an eolas faoi na hábhair sna "Doiciméid Treorach do Thaispeántais Eagraithe Phiriteicniúla (Ean 2006)"**<br>**2 Tá gach oibrí a úsáidfear sa taispeántas seo inniúil. (Alt 2.3.1 den Doiciméad Treorach agus Nóta 10 de nótaí le comhlíonadh den fhoirm iarrtais.**<br>**3 Go bhfuil dóthain árachas dliteanais phoiblí i bhfeidhm (Alt 2.1 den Doiciméad Treorach)**<br>**4. Bhí mé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí ar fad agus choinnigh mé taifead de na cruinnithe sin, lena n-áirítear sonraí na ndaoine a rabhthas i gcomhairle leo (Alt 3.5 den Doiciméad Treorach agus Nóta 10 de na nótaí comhlíonta den fhoirm iarratais)**<br>**5. Cuirfidh mé/muid na bearta rialaithe ar fad a theastaíonn ó na páirtithe thuas i bhfeidhm.**<br>**6. Tá gach eolas/deimhniú san iarratas seo fíor ar feadh m'eolais /ár n-eolais.**<br><br>**Sínithe: ____________________________ Príomh-Oibritheoir**<br><br>**Ainm: (Bloclitreacha): ______________________________**<br>**Dáta: ___________**<br><br>**Sínithe: ______________________________ Eagraí**<br><br>**Ainm: (Bloclitreacha): ______________________________**<br>**______________________________**<br>**Dáta: ____________** | **Ní mór don phríomh-oibritheoir agus don Eagraí an dearbhú a shíniú**<br><br>**Tabhair faoi deara:** Tá na sonraí ar fad ata deimhnithe ag baint leis an taispeántas seo amháin |
| 11 | **Síniú an Iarratasóra d'allmhairiú**<br><br>**Sínithe: _ ________________________________________**<br><br>**Ainm (Bloclitreacha): ______________________________** | **Ní mór don iarratasóir é a shíniú** |

| | | |
|---|---|---|
| | **Dáta an Iarratais**: ______________________ | |

# Aguisín – Sceideal do Phiriteicnic

| | **Earra # 1** | **Earra # 2** | **Earra # 3** |
|---|---|---|---|
| **Ainm Tráchtála** | | | |
| **Uimhir na Páirte / na Catalóige** | | | |
| **Déantóir** | | | |
| **Tír a Dhéanta** | | | |
| **Cineál Tine Ealaíne (m.sh. Sliogán, Coinneal Rómhánach, Scairdeán srl)** | | | |
| **Úsáid Bheartaithe don Tine Ealaíne (m.sh. Leibhéal Ard/Íseal/Talaimh** | | | |
| **Trastomhas (mm)** | | | |
| **Uimhir UN** | | | |
| **Cód Aicmithe Guaise** | | | |
| **Ainm Ceart Iompair** | | | |
| **Uimhir Thagartha NCA nó HSE** | | | |
| **Achar molta sábháilteachta an dhéantóra do lucht féachana (m)** | | | |
| **Cainníocht gach ceann le scaoileadh** | | | |
| **Glanmheáchan (kg) Pléascáin gach ceann** | | | |
| **Ollmheáchan gach ceann (kg)** | | | |
| **Ollmheáchan Iomlán (Kg)** | | | |
| **Glanmheáchan Iomlán (Kg)** | | | |
| **Eolas sa Bhreis do Thaispeántais Roicéid Mhionsamhla Amháin** | | | |
| **Ríog Iomlán an Mhótair Shuiteáilte (n-sec)** | | | |
| **Cineál Mótair Coibhéiseach** | | | |
| **Cineál Roicéid Mhionsamhla** | | | |
| **Déantóir an Roicéid Mhionsamhla** | | | |
| **Uasairde an Roicéid/an Mhótair le Chéile** | | | |
| **Íosmhéid Toisí a theastaíonn don Suíomh (m)** | | | |
| **Cineál & Déanamh an Dhéantóra Lasta** | | | |

Nóta: **Lean ort ar leathanaigh eile más gá. Is féidir an t-eolas seo a chur ar aghaidh i bhformáid tháblach ar bith a oireann más fearr, ach ní mór an t-eolas ar fad a theastaíonn a chur san áireamh.**

## Nótaí maidir leis an Fhoirm Iarratais Allmhairithe a Chomhlíonadh

| **Rannán na Foirme** | **Nótaí:** | **Tagairt an Doiciméid Thagartha** |
|---|---|---|
| 1. Iarrthóir na hiompórtála | Is é an t-iarratasóir an duine nó an chuideachta atá ag déanamh iarratais ar cheadúnas allmhairithe. Is féidir gurab é eagraí nó an príomh-oibritheoir (ag feidhmiú ar a shon) na heachtra nó an taispeántais atá i gceist | Caibidil 10 |
| 2. Príomh-Oibreoir an Taispeántais | Oibreoir piriteicniúil is sinsearaí nó oibreoir a bhfuil smacht iomlán aige ar an taispeántas piriteicniúil, cé acu an taispeántas tinte ealaíne, taispeántas piriteicniúil, taispeántas athachtaithe, taispeántas roicéid mhionsamhla nó aon ócáid eile ina n-úsáidtear pléascáin ar chúiseanna siamsaíochta atá i gceist. | 2.3.2<br>Caibidil 3 |
| 3. Eagraí an Taispeántais | An tEagraí a thabharfar ar an duine i gceannas nó atá freagrach as sábháilteacht na hócáide. Is féidir gur duine nó comhlacht atá i gceist, a bhfuil freagracht iomlán aige as an taispeántas nó as an ócáid a eagrú, a oibriú agus as bainistíocht a dhéanamh ar shábháilteacht san áit ina bhfuil na piriteicnic á n-úsáid. | 1.8<br>2.3.1<br>Caibidil 3 |
| 4. Oifigeach Sábháilteachta don taispeántas | Duine a cheapann an t-eagraí le bheith iomlán freagrach as sábháilteacht na hócáide. I gcás taispeántas nó ócáidí móra poiblí ba chóir do chomhairleoir gairmiúil sábháilteachta an ról seo a chomhlíonadh. I gcás taispeántas níos lú, tá cead ag an eagraí an Príomh-Oibreoir Piriteicniúil a cheapadh le dualgais an Oifigigh Shábháilteachta a chomhlíonadh. | 2.3.3<br>Caibidil 3 |
| 5. Sonraí an Taispeántais | Tabhair faoi deara gur chóir cóip den cheadúnas a chur isteach má thugann an t-údarás áitiúil ceadúnas don ócáid. | |
| 6. Sonraí na Coinsíneachta | Ba chóir go dtaispeánfadh seo áit/ionad an allmhairithe bheartaithe. | 10.1 |
| 7. Iompar ar bhóthar | Ba chóir go mbeadh an t-Iompar de réir na Rialachán maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar. | 10.2 |
| 8. Stóráil | Ní cheadaítear stóráil de ghnáth thar oíche ach amháin in ionaid a bhfuil ceadúnais chuí acu. | 10.3 |
| 9. Teastas do Phiriteicnic | Sa chuid seo deimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil na piriteicnic ar fad liostaithe, aicmithe, go bhfuil siad de réir na riachtanas sábháilteachta agus nach stórálfar iad go mí-dhleathach. | |

| | | |
|---|---|---|
| 10. Dearbhú | Sa chuid seo tá dearbhuithe a shínigh an tEagraí agus an POP maidir le heolas faoin Doiciméad Treorach, Inniúlacht na n-oibreoirí agus árachas dliteanais phoiblí.<br>Comhairliúchán: Deimhníonn an dearbhú freisin gur comhlíonadh an comhairliúchan a bhí ag teastáil, mar chuid den phróiseas. Tá sé de dhualgas ar an eagraí agus ar an oibreoir a chinntiú go ndéantar comhairliúchán iomlán chuí leis na páirtithe leasmhara de réir Alt 3.5 den Doiciméad Treorach. Ba chóir cuntais dá leithéid, lena n-áirítear dátaí, amanna, agus sonraí teagmhála na ndaoine a rabhthas i gcomhairle leo a choimeád le tabhairt do na húdaráis i gcás timpiste nó aighnis.<br><u>Inniúlacht</u>: Tá sainmhíniú ar dhuine inniúil san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Ba chóir don eagraí agus don POP fianaise i ndoiciméad de CVnna, taithí, traenáil agus cáilíochtaí na n-oibrithe uile a choimeád. Is féidir go mbeidh seo ag teastáil ó na húdaráis rialúcháin mar fhianaise inniúlachta i gcás timpiste. | Caibidil 2<br><br>3.5<br><br>5.2.12 |
| Sceideal na bPiriteicnic | Ba chóir Sceideal na foirme a úsáid le sonraí iomlána na bpiriteicnic a sholáthar.<br>a Ní mór piriteicnic a aicmiú d'iompar de réir scéim NA (Uimhir NA, Aicme agus Ainm Ceart Iompair). Faightear é seo de ghnáth ó dhoiciméad an údaráis inniúil chuí (CAD) nó sa Bhreatain ó bhunachar sonraí LOCEF de chuid an HSL. Tóg faoi deara i gcás earra piriteicniúil ar leith a allmhairiú don chéad uair, ní mór teastas NCA nó asphrionta LOCEF a chur ar aghaidh leis an iarratas. Ní mór go mbeadh gach teastas reatha, bainteach agus soléite.<br>b De réir an chomhaontaithe le DJELR is leor Uimhir Thagartha HSE a lua chun na hearraí céanna a allmhairiú atá ar bhunachar sonraí LOCEF.<br>c Ba chóir aon doiciméadúchán ina bhfuil líon ábhar nó sceideal mór ach nach bhfuil ach roinnt iontrálacha i gceist, a chur isteach le bileoga cumhdaigh agus leathanaigh chuí an Údaráis Inniúil agus na míreanna aonair cuí a bheith aibhsithe chun seiceáil agus próiseáil a éascú.<br>d Níor chóir ach mír amháin in aghaidh an leathanaigh a bheith ar aon asphrionta de chuid LOCEF nó má tá asphriontaí le líon míreanna | |

| | | |
|---|---|---|
| | in aghaidh an leathanaigh, ní mór na míreanna aonair cuí a bheith aibhsithe chun seiceáil agus próiseáil a éascú.<br>e Cuirfidh aighneachtaí mídhleathacha ar nós facsanna ar dhroch-chaighdeán moill ar phróiseáil na n-iarratas agus is féidir go gcuirfidh siad moill ar eisiúint na gceadúnas don ócáid atá pleanáilte.<br>f <u>Taispeántais Roicéid Mhionsamhla</u><br>Ní mór sonraí ar theorainneacha feidhme aonair nó de chuid an mhótair/an roicéid le chéile, lena n-áirítear an ríog a ghintear agus an uasairde a bhaintear amach, a bheith san áireamh. Ba chóir sonraí ón dhéantóir a thabhairt mar thacaíocht do seo.<br>Ní mór don oibreoir an bonn ríofa maidir le híosmhéid thoisí an ionaid lainseála a thaispeáint go soiléir mar chuid de mheasúnú riosca na láithreach chomh maith le pleananna na láithreach srl a úsáidtear i gcomhairliúchán le gach páirtí leasmhar de réir Alt 3.5 den treoir. | |

**Tóg faoi deara nach dtugann beartas reatha an Rialtais maidir le piriteicnic do thaispeántais eagraithe, ceadúnas allmhairithe ach d’oibreoirí gairmiúla amháin.**

**Má theastaíonn soiléiriú nó cabhair sa bhreis uait i líonadh na foirme déan teagmháil le Rannán Coireanna 4 den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (01 6028388 nó Facs +353 1 6028374)**

.